

Tuarascáil ó Eurojust maidir le gáinneáil ar dhaoine

Dáta:

16.02.2021

URL

Is cásanna atá casta agus deacair le himscrúdú agus le hionchúiseamh iad cásanna trasteorann a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine. Nochtar iontu an ról lárnach a imríonn grúpaí coiriúla eagraithe. Nuair a thagann bearnaí chun cinn i gcomhar breithiúnach, is iad íospartaigh na gáinneála ar dhaoine a bhíonn thíos leo. I mí Dheireadh Fómhair 2020, chuir an Coimisiún Eorpach in iúl sa tuarascáil dul chun cinn uaidh maidir le gáinneáil ar dhaoine gur tharraing údaráis bhreithiúnacha sna Ballstáit ábhair inní thromchúiseacha anuas maidir le **deacrachtaí i gcomhar breithiúnach**. D'ullmhaigh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) an tuarascáil seo ar mhaithe le freagairt do na hábhair inní sin. Cuirtear i láthair inti na **réitigh** a úsáideann an ghníomhaireacht agus cúnaimh á thabhairt aici i gcásanna casta gáinneála ar dhaoine óna dteastaíonn comhar breithiúnach. Aidhm eile atá leis an tuarascáil is ea bonn eolais a chur faoin straitéis atá le teacht ón Aontas Eorpach in aghaidh na gáinneála ar dhaoine. Léirítear sa tuarascáil go bhfuil Eurojust réidh le ról lárnach a imirt sa straitéis amach anseo trí bhreisluach substaintiúil a chur leis an ngné oibríochtúil de gháinneáil ar dhaoine a chomhrac. Is é an aidhm dheiridh atá leis an tuarascáil cabhrú le gáinneálaithe ar dhaoine a ionchúiseamh go rathúil, agus na híospartaigh á gcosaint an tráth céanna.

Tá an tuarascáil roinnte ina dhá príomhchuid. Baineann an chéad chuid le himscrúduithe a chomhordú agus baineann an dara cuid le cearta íospartach. Baintear leas sa tuarascáil as an taithí phraiticiúil a gnóthaíodh le linn do Eurojust tacú le himscrúduithe gáinneála ar dhaoine idir na blianta 2017 agus 2020. Roghnaíodh 91 chás gáinneála ar dhaoine san iomlán lena n-anailísiú ag foireann frithgháinneála Eurojust, a bpléitear 31 cheann díobh sa tuarascáil seo. I ngach cás, tarraingítear aird ar na fadhbanna éagsúla dlíthiúla agus praiticiúla a tháinig chun cinn, tugtar samplaí dea-chleachtais agus déantar moltaí spriocdhírthe. Déantar **18 moladh** san iomlán, a fhorlíonann na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha roimhe seo ó Eurojust maidir le gáinneáil ar dhaoine. Tá na moltaí sin dírithe go príomha ar ionchúisitheoirí, ar bhreithiúna agus ar údaráis forfheidhmithe dlí.

1. Ba cheart **luathchomhar agus luathchomhordú** a bheith ann idir na tíortha agus na gníomhaithe uile lena mbaineann, mar chuid den oibleagáid atá ann cearta íospartaigh uile na gáinneála ar dhaoine a urramú.
2. Sula dtabharfar cás gáinneála ar dhaoine chuig Eurojust, ba cheart faisnéis **a mhalartú ar leibhéal na bpóilíní** agus sonraí a chros-seiceáil in aghaidh bhunachair shonraí Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (**Europol**) ar dtús. Éascaíonn sé sin sainathint a dhéanamh ar naisc le tíortha eile, imeachtaí coiriúla a thionscnamh sna tíortha sin agus amhrastaigh, íospartaigh agus a láithreacha a shainathint sula ndéileáiltear le saincheisteanna comhair bhreithiúnaigh.
3. Aon uair a chomhroinneann údaráis náisiúnta faisnéis ábhartha le Europol, ba cheart dlúthbhaint a bheith ann idir an tacaíocht ó Europol agus **rannpháirtíocht Eurojust**; i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh Eurojust an chéad mhalartú le Europol a éascú, fiú, ag brath ar an gcóras náisiúnta forfheidhmithe dlí lena mbaineann. A luaithe a fhaigheann Europol faisnéis faoi chás gáinneála ar dhaoine, is féidir le Eurojust cabhrú le himeachtaí breithiúnacha a thionscnamh, rud atá ar an 'scáth' is fearr ó thaobh an dlí de faoinar féidir nósanna imeachta cosanta íospartach a thosú.

4. Ba cheart imscrúduithe trasteorann gáinneála ar dhaoine a thabhairt chuig Eurojust chun a shainaithint cé acu atá nó nach bhfuil **imeachtaí coiriúla comhthreomhara** ar siúl i dtíortha eile laistigh den Aontas Eorpach nó lasmuigh de. Is féidir le Eurojust cúnaimh a thabhairt maidir le himeachtaí den sórt sin a **chomhordú** nó is féidir na himeachtaí sin a **thionscnamh** le tacaíocht ó Eurojust.
5. A luaithe a aimsítear grúpa coiriúil gníomhach, **ba cheart do na tíortha uile lena mbaineann freagairt agus gabháil orthu féin** rannchuidiú go gníomhach le fianaise a bhailiú agus leis an ngrúpa a bhaint anuas agus b'fhearr go ndéanfaid siad amhlaidh trí imscrúduithe a dhéanamh i ngach dlínse chun sainaithint a dhéanamh ar na bearta coiriúla a rinneadh i ngach tír. Má bhíonn an comhar teoranta d'Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha a eisiúint, bíonn baol ann go gcaillfear rian na ndéantóirí agus go seachnóidh siad ionchúiseamh.
6. I ngach cás, ba cheart plé a dhéanamh ar a oiriúnaí atá comhfoirne imscrúdaithe i gcásanna casta gáinneála ar dhaoine óna dteastaíonn dlúthchomhordú nó in imscrúduithe deacra éilitheacha a bhfuil naisc acu le tír amháin nó níos mó. Trí úsáid a bhaint as **comhfoirne imscrúdaithe i gcásanna gáinneála ar dhaoine**, éascaítear dlúth-chomhoibriú dinimiciúil, spriocanna imscrúdaitheacha coiteanna a bhunú, agus solúbthacht agus luas maidir le bearta imscrúdaitheacha a choigeartú de réir mar a athraíonn imthosca an cháis. Is féidir le gach cleachtóir leas a bhaint as an tacaíocht a thugann Eurojust do chomhfoirne imscrúdaithe.
7. Ba cheart cumarsáid dhíreach réamhghníomhach a bhunú ón bhfíorthús leis an gcomhfhóireann imscrúdaithe. Dea-chleachtas ar leith is ea **pointí teagmhála a ainmniú le haghaidh cumarsáid a dhéanamh laistigh den chomhfhóireann imscrúdaithe**.
8. Má bheartaítear fianaise a bailíodh i dtír amháin faoi chuimsiú na comhfoirne imscrúdaithe a úsáid i dtír eile, moltar go bpléifí **inghlacthacht na fianaise** in Eurojust le linn cruinniú comhordúcháin. Is fiú go mór **iascríbhinní** ina bhfuil forálacha dlíthiúla le haghaidh fianaise a bhailiú a chur le comhaontuithe comhfoirne imscrúdaithe.
9. I gcásanna gáinneála ar dhaoine a bhfuil imscrúduithe deacra éilitheacha, a lán íospartach agus grúpaí coiriúla móra i gceist leo, d'fhéadfaí cúnaimh a iarraidh ó **Rannóg Oibríochtaí Eurojust** le haghaidh anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus ar an bhfianaise a bailíodh ar mhaithe le teacht ar aon eilimintí coiteanna agus/nó frithráiteacha atá ann laistigh de na himscrúduithe.
10. Ba cheart do na páirtithe uile i gcomhfhóireann imscrúdaithe plé a dhéanamh ag an bhfíorthús ar **na himthosca faoina scoirfidh an chomhfhóireann imscrúdaithe de bheith ag oibriú**, i gcomhréir lena bhforálacha dlíthiúla náisiúnta.
11. Ba cheart **imscrúduithe airgeadais** a thionscnamh i bhfianaise coigistithe.
12. D'fhéadfaí cásanna gáinneála ar dhaoine a bhfuil naisc acu le **trí tíortha** a tharchur chuig Eurojust chun cúnaimh a fháil ina leith.
13. I gcásanna **coinbhleachtaí dlínse** féideartha, bíonn Eurojust in ann cúnaimh a thabhairt d'údaráis náisiúnta trí leas a bhaint as a chuid nótaí cáis saincheaptha agus trí mholtaí comhpháirteacha a dhéanamh le haghaidh imeachtaí a aistriú.
14. Agus cinneadh á dhéanamh ar cén dlínse ar cheart ionchúiseamh a dhéanamh inti, ba cheart an-aird a thabhairt ar **leasanna agus cosaint na n-íospartach**.

15. Ba cheart tuilleadh úsáide a bhaint as **lárionaid chomhordúcháin Eurojust** i gcásanna gáinneála ar dhaoine ionas gur féidir tairbhiú den chomhordú ar ghníomhaíochtaí comhpháirteacha i dtíortha difriúla (gabhálacha, urghabhálacha agus cuardaigh).
16. I ngach cás, ba cheart d'údaráis bhreithiúnacha agus d'údaráis forfheidhmithe dlí leasanna agus cosaint íospartaigh na gáinneála ar dhaoine a phlé roimh ré, agus gníomhaíochtaí a dhéanamh chun an méid sin a áirithiú, **le linn na laethanta gníomhaíochta comhpháirtí agus ina ndiaidh araon**. Bíonn Eurojust in ann cabhrú le laethanta gníomhaíochta comhpháirtí agus comhordú fíor-ama a eagrú.
17. Ar mhaithe le **híospartaigh a shainaithint ar bhealach níos fearr**, ba cheart ról a bheith ag Europol agus ag Eurojust ag luathchéim d'imscrúduithe; ba cheart faireachán gníomhach a dhéanamh ar shuíomhanna gréasáin d'aosaigh amháin; ba cheart faisnéis faoi shreabha airgid a iarraidh chun ainm agus láthair na n-íospartach féideartha a shainaithint; agus ba cheart sonraí taifid ainmneacha paisinéirí a fháil faoi amhrastaigh agus faoi íospartaigh fhéideartha. Cuirtear leis an rath ar chásanna gáinneála ar dhaoine a ionchúiseamh nuair a leagtar **béim mhéadaithe ar íospartaigh**.
18. Ba cheart do na páirtithe uile i gcomhfhóirne imscrúdaithe plé a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann **oifigigh speisialaithe a fháil ar iasacht** chun íospartaigh fhéideartha na gáinneála a chur faoi agallamh agus chun imthosca sonracha na leanaí ar íospartaigh na gáinneála ar dhaoine iad a chur san áireamh. I gcásanna nár bunáodh comhfhóireann imscrúdaithe iontu, féadfar Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 9(4) agus (5) de Threoir 2014/41/AE maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach.